Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5788/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0012(NLE)**

**POLCOM 26**
**COMER 17**
**RELEX 97**
**DUAL USE 10**
**RECH 28**
**ENER 36**
**ENV 84**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Eanáir 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 26 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le slándáil taighde a fheabhsú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 26 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 26 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.1.2024
COM(2024) 26 final

2024/0012 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le slándáil taighde a fheabhsú**

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Mar a leagtar amach sa straitéis Eorpach um an tslándáil eacnamaíoch, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2023[1], de dheasca méadú domhanda ar theannas geopholaitiúil agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha naimhdeacha, cibirionsaithe agus ionsaithe bonneagair chriticiúil, trasnaíocht eachtrach agus bréagaisnéis, nochtadh rioscaí agus leochaileachtaí inár sochaithe, inár ngeilleagair agus inár gcuideachtaí. I gcásanna áirithe, ba léir gur cheart don Eoraip a bheith níos ullmhaithe le haghaidh rioscaí atá ag fabhrú, atá nua agus atá ag teacht chun cinn, ar rioscaí iad a d'eascair sa chomhthéacs geopholaitiúil níos dúshlánaí seo.

Tá ról lárnach ag teicneolaíochtaí criticiúla agus dé- úsáide sa chomhthéacs sin, agus úsáid le baint ag cuid dár n-iomaitheoirí as teicneolaíochtaí bunathraitheacha atá ag teacht chun cinn chun borradh a chur faoina seasaimh pholaitiúla, eacnamaíocha agus mhíleata. Is féidir gurb é a thiocfaidh as sin difear a bheith á dhéanamh do thaighde agus nuálaíocht Eorpach le tionchar urchóideach agus úsáid a bheith á baint astu ar bhealaí lena ndéantar difear dár slándáil nó lena sáraítear ár noirm eiticiúla.

Tá an earnáil taighde agus nuálaíochta leochaileach go háirithe de dheasca a hoscailteachta agus a hidirnáisiúnaithe, rud atá ina DNA. Dá bhrí sin, cur chuige saincheaptha atá fréamhaithe go láidir i saoirse acadúil agus uathriail institiúideach, prionsabail atá bunúsach le haghaidh taighde agus nuálaíochta, tá gá leis chun slándáil taighde a fheabhsú san earnáil taighde agus nuálaíochta ar fud na hEorpa.

Institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí a dhéanann taighde, ní mór dóibh a mbealach a dhéanamh trí thimpeallacht idirnáisiúnta atá ag éirí níos casta agus níos teannasaí. Tá dualgas ar an Aontas cúnamh a thabhairt dóibh chun an tír- raon sin a thrasnú go freagrach agus go slán agus lánurraim á tabhairt do shaoirse acadúil agus uathriail institiúideach.

Leis an moladh beartaithe ón gComhairle tairgtear, den chéad uair, sainmhíniú comhpháirteach ar an bhfadhb agus comhbhraistint den phráinn. Leis sin, soláthraítear treoraíocht pholaitiúil maidir lena bhféadfadh a bheith i gceist le freagairt bheartais éifeachtach, agus é á chur san áireamh go mbaineann cuid mhór den obair maidir le slándáil taighde le bealach a dhéanamh trí 'limistéir liatha,' ar limistéir iad inar féidir nach bhfuil foirmeacha áirithe de chomhar idirnáisiúnta i leith taighde agus nuálaíochta toirmiscthe ach ina bhfuil siad neamh- inmhianaithe mar sin féin de dheasca gur rioscaí atá iontu do shlándáil an Aontais agus a Bhallstát nó go bhfuil siad mí- eiticiúil.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Leis an straitéis Eorpach um an tslándáil eacnamaíoch leantar cur chuige trí cholún: bonn eacnamaíoch agus iomaíochas an Aontais a chur chun cinn; cosaint ar rioscaí slándála eacnamaíche; agus comhpháirtíocht leis an réimse is leithne is féidir tíortha chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní agus leasanna comhroinnte. Is é is aidhm di creat a sholáthar chun measúnú agus bainistíocht láidir a dhéanamh ar rioscaí maidir le slándáil eacnamaíoch ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal gnó, agus ár bhfuinneamh eacnamaíoch á chaomhnú agus á mhéadú an tráth céanna.

[1] Teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir leis an straitéis Eorpach um an tslándáil eacnamaíoch, JOIN(2023)20 an 20.6.2023 (nasc).

Sa straitéis rinne an Coimisiún gealltanas chun 'bearta a mholadh chun feabhas a chur ar shlándáil taighde agus forfheidhmiú córasach agus dian ar na huirlisí atá ann cheana á áirithiú agus aon bhearna atá fágtha á sainaithint agus aghaidh á tabhairt orthu, agus oscailteacht an éiceachórais nuálaíochta á caomhnú an tráth céanna.' Leis an togra le haghaidh moladh ón gComhairle comhlíontar an gealltanas sin trí phrionsabail threoracha a fhoirmliú le haghaidh idirnáisiúnú freagrach agus príomhghníomhaíochtaí beartais ar an leibhéal náisiúnta agus earnála chun slándáil taighde a fheabhsú agus trí thionscnaimh a liostú ar leibhéal an Aontais chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát agus na hearnála.

Leis an togra le haghaidh moladh comhlánaítear obair, agus tógtar uirthi, ar obair í atá ar siúl ó d'fhoilsigh an Coimisiún a theachtaireacht maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta i mí na Bealtaine 2021[2]. Sa teachtaireacht sin, chuir sé straitéis i láthair chun oscailteacht a chaomhnú sa chomhar idirnáisiúnta i leith taighde agus nuálaíochta, agus cothroime iomaíochta agus cómhalartacht á gcur chun cinn agus bunluachanna mar bhonn taca fúthu an tráth céanna.

Trína conclúidí ón gComhairle i mí Mheán Fómhair 2021 maidir leis an gCur Chuige Domhanda, thug an Chomhairle sainordú chun oibriú ar dhul i ngleic le trasnaíocht eachtrach i dtaighde agus nuálaíocht[3]. Ar an mbonn sin, tugadh faoi thionscnaimh leantacha thábhachtacha, go háirithe doiciméad inmheánach oibre maidir le dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach T&N a ghlac an Coimisiún i mí Eanáir 2022[4]. Úsáideann na Ballstáit agus páirtithe leasmhara T&N an doiciméad mar bhonn chun slándáil taighde a phlé agus mar fhoinse inspioráide chun a dtreoirlínte agus a n-uirlisí saincheaptha féin a fhorbairt. D'fháiltigh Parlaimint na hEorpa roimh an doiciméad ina rún an 6 Aibreán 2022 maidir leis an gcur chuige domhanda[5]. D'éascaigh an Coimisiún piarfhoghlaim freisin i measc na mBallstát trí chleachtadh foghlama frithpháirtí agus tá ionad ilfhreastail ar líne á fhorbairt aige lena dtabharfar le chéile na doiciméid, na tuarascálacha agus na huirlisí ábhartha uile maidir le slándáil taighde.

Ina theannta sin, tionóladh díospóireacht bheartais maidir le 'Slándáil eolais agus idirnáisiúnú freagrach' sa Chomhairle Iomaíochais i mí na Bealtaine 2023, lenar soláthraíodh léargas agus treoraíocht luachmhar le haghaidh an togra.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an moladh beartaithe mar chuid de phacáiste cuimsitheach beart lena ndéantar obair leantach ar an straitéis Eorpach um an tslándáil eacnamaíoch an 20 Meitheamh 2023. Dá réir sin, tá an togra ina bhloc tógála in iarracht uileghabhálach chun slándáil eacnamaíoch an Aontais a fheabhsú i gcoitinne. An 3 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún moladh inar shainaithin sé réimsí teicneolaíochta criticiúla le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais le haghaidh measúnú riosca breise leis na Ballstáit[6]. Leis an toradh ar an measúnú riosca sin

---

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta: *Europe's strategy for international cooperation in a changing world* [Straitéis na hEorpa um chomhar idirnáisiúnta i ndomhan atá ag athrú], COM(2021) 252 an 18.5.2021 (nasc).

3 Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith T&N an 28.9.2021 (nasc), go háirithe míreanna 3, 11 agus 23.

4 An Coimisiún Eorpach, Ard- Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, *Dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach T&N – Doiciméad inmheánach oibre*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022 (nasc).

5 Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le Cur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta, P9_TA(2022)0112 an 6.4.2022 (nasc).

6 *Commission recommendation on critical technology areas for the EU's economic security for further risk assessment with Member States* [Moladh ón gCoimisiún maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla le

d'fhéadfaí eolas a dhéanamh do bhearta eile chun an straitéis Eorpach um an tslándáil eacnamaíoch a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta chun slándáil taighde a fheabhsú. Breithneofar an comhairliúchán poiblí a seoladh leis an bpáipéar Bán maidir le hinfheistíocht amach, go háirithe a mhéid a bhaineann le heilimintí atá ábhartha le haghaidh taighde agus nuálaíochta.

Ina theannta sin, tá an moladh beartaithe comhlántach agus comhsheasmhach le roinnt tionscnaimh eile ón Aontas, go háirithe:

– an obair a rinneadh chun bagairtí hibrideacha a chomhrac, faoi chuimsiú Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála[7] agus an Chompáis Straitéisigh um Shlándáil agus Cosaint[8];
– na rialacha Eorpacha le haghaidh onnmhairiú a dhéanamh lasmuigh den Aontas ar earraí agus teicneolaíocht dé- úsáide a leagtar síos i rialachán an Aontais maidir le rialú onnmhairí[9]. Chun cuidiú le hinstitiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí a dhéanann taighde, d'fhoilsigh an Coimisiún i mí Mheán Fómhair 2021 moladh maidir le cláir chomhlíontachta le haghaidh taighde lena mbaineann ítimí dé- úsáide[10];
– an pacáiste maidir le cosaint an daonlathais, rud a ghlac an Coimisiún i mí na Nollag 2023 roimh thoghcháin Eorpacha mhí an Mheithimh 2024. Is é is aidhm don phacáiste dul i ngleic le bagairtí trasnaíochta eachtraí trí leibhéil mhéadaithe trédhearcachta de ghníomhaíochtaí ionadaíochta leasa, agus rannpháirtíocht saoránach inár ndaonlathais á spreagadh an tráth céanna[11].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• **Bunús dlí**

Tagann an tionscnamh faoin réimse beartais 'taighde agus forbairt theicneolaíoch,' ina gcomhroinneann an tAontas agus a Bhallstáit inniúlachtaí i gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Tá an moladh beartaithe ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 182(5) i gcomhar le hAirteagal 292 CFAE.

Le hAirteagal 182(5) CFAE cuirtear an deis ar fáil na gníomhaíochtaí atá beartaithe leis an gclár réime ilbhliantúil a chomhlíonadh, trína chur ar chumas Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus i ndiaidh dóibh dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, na bearta is gá a bhunú chun an Limistéar Eorpach Taighde a chur chun feidhme.

Le hAirteagal 292 CFAE soláthraítear an bunús dlí don Chomhairle chun moltaí a ghlacadh bunaithe ar thogra ón gCoimisiún.

haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais le haghaidh measúnú riosca breise leis na Ballstáit], C(2023) 6689 an 3.10.2023 (nasc).

7 *Communication from the Commission on the EU Security Union Strategy* [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála], COM(2020)605 an 24.7.2020 (nasc).

8 Comhairle an Aontais Eorpaigh: Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint, ST 7371/22 an 21.3.2022 (nasc).

9 Rialachán (AE) 2021/821 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé- úsáide a rialú (nasc).

10 Moladh ón gCoimisiún maidir le cláir chomhlíontachta inmheánacha um rialuithe ar thaighde lena mbaineann ítimí dé- úsáide […], 2021/1700 an 15.9.2021 (nasc).

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cosaint an daonlathais, COM(2023) 630 an 12.12.2023 (nasc).

Leis an tionscnamh ní bheartaítear aon síneadh le cumhacht rialála an Aontais ná gealltanais cheangailteacha ar na Ballstáit. Is iad na Ballstáit a chinnfidh, bunaithe ar a n-imthosca náisiúnta, conas a chuirfidh siad an moladh seo ón gComhairle chun feidhme.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra seo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

Cé gurb iad na Ballstáit is fearr atá in ann teagmháil a dhéanamh lena n-ollscoileanna agus le heagraíochtaí eile a dhéanann taighde agus tacú leo chun na bearta is gá a dhéanamh, tá gá le comhar agus comhordú ar leibhéal an Aontais chun feidhmiú cuí an Limistéir Eorpaigh Taighde a áirithiú agus chun éagothromaíochtaí a rinneadh de dheasca difríochtaí i mbearta slándála taighde náisiúnta a laghdú.

Faoi láthair, níl feasacht ar na rioscaí scaipthe go cothrom ar fud an Aontais. Tá bearta coimirce tiomnaithe á bhforbairt agus á dtabhairt isteach ag líon méadaitheach Ballstát agus gníomhaithe T&N, cé gur cosúil fós go bhfuil Ballstáit agus gníomhaithe eile aineolach air sin den chuid is mó, rud a chruthaíonn leochaileachtaí ar a bhféadfaí teacht i dtír go héasca. Tá íosleibhéal comhsheasmhachta cur chuige ar fud an Aontais fíor- riachtanach dá bhrí sin.

- **Comhréireacht**

Tá an togra seo i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(4) CAE. Ní théitear le hinneachar ná foirm an mholta bheartaithe seo ón gComhairle thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach, cuspóir a bhaineann le híosleibhéal comhsheasmhachta cur chuige a bhaint amach ar fud an Aontais.

Le stádas dlíthiúil an tionscnaimh seo ba cheart úinéireacht agus formhuiniú a áirithiú ó na Ballstáit. An tráth céanna, ba cheart a bheith ag brath go príomha leis ar fhéinrialachas ón earnáil T&N, i gcomhréir le saoirse acadúil agus uathriail institiúideach.

Leis an moladh cuidítear leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí a dhéanann taighde beartais agus bearta atá éifeachtach agus comhréireach araon a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Leis sin, treisítear an tábhacht atá le comhar idirnáisiúnta agus oscailteacht de réir an phrionsabail 'a oscailte is féidir, a iata is gá.' Léirítear leis freisin cé na bearta bainistíochta riosca a d'fhéadfaí a thabhairt isteach, agus lánurraim á tabhairt do shaoirse acadúil agus uathriail institiúideach, agus idirdhealú agus stiogmatú á seachaint an tráth céanna.

- **An rogha ionstraime**

Leis an moladh beartaithe ón gComhairle soláthraítear treoraíocht do na Ballstáit maidir le conas rioscaí slándála taighde a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach. Moltar leis go dtacóidh na Ballstáit lena n-earnáil taighde agus nuálaíochta, agus bearta iomchuí á nglacadh chun feasacht a mhúscailt agus athléimneacht a fhorbairt. Ag tógáil ar an doiciméad inmheánach oibre maidir le dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach T&N, le moladh ón gComhairle d'áiritheofaí go mbeadh na Ballstáit uile rannpháirteach agus tiomanta go gníomhach ar an leibhéal polaitiúil.

De rogha air sin, d'fhéadfaí moladh nó teachtaireacht ón gCoimisiún a bhreithniú. Ó thaobh inneachair de, leo sin d'fhéadfaí i bprionsabal na saincheisteanna céanna le moladh ón gComhairle a chumhdach. Mar sin féin, is éard is coiteann do na hionstraimí sin nach dtugtar rannpháirt ghníomhach leo do na Ballstáit ná nach gcuirtear ceangal orthu go gníomhach leo ach oiread. Níl aon ráthaíocht ann go gcomhroinneann na seolaithe an cur chuige beartaithe ná an bhraistint phráinne.

Le tionscnamh atá ceangailteach ó thaobh dlí de, amhail treoir nó rialachán, lena rialaítear comhar idirnáisiúnta i leith taighde agus nuálaíochta ar bhealach a fhágann go sainaithníonn na Ballstáit rioscaí go cuí agus go dtugann siad aghaidh chuí orthu, rathófaí comhsheasmhacht dhlíthiúil ar fud an Aontais. Mar sin féin, is é an príomh- mhíbhuntáiste atá le hionstraim cheangailteach sa chomhthéacs sonrach sin go mbeadh sé an- deacair í a cheapadh ar bhealach a fhágann go ndéantar deighilt na hinniúlachta idir an tAontas agus na Ballstáit chomh maith le prionsabail na saoirse acadúla agus na huathrialach institiúidí a urramú.

Ar na cúiseanna sin, meastar go bhfuil togra le haghaidh moladh ón gComhairle ar an ionstraim bheartais iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna i gceist.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post* /seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Leis an moladh beartaithe ón gComhairle tógtar ar an doiciméad inmheánach oibre ón gCoimisiún maidir le dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach T&N ó mhí Eanáir 2022. Le linn 2023, tionóladh cleachtadh foghlama frithpháirtí maidir le dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach T&N, inar mhalartaigh saineolaithe ó 13 Bhallstát taithí agus saineolas náisiúnta. Ina theannta sin, tionóladh trí chruinniú thiomnaithe maidir le slándáil taighde le saineolaithe ó na Ballstáit i gcomhthéacs Líonra Eolais an Aontais maidir leis an tSín (EUKNOC).

Rinneadh eolas d'fhorbairt an togra freisin le glao ar fhianaise, rud a bhí oscailte le haghaidh aiseolas ón bpobal ar an leathanach gréasáin 'Cloisimis uait!' ón 6 Nollaig 2023 go dtí an 3 Eanáir 2024. Fuair an Coimisiún 56 ionchur, agus tháinig thart ar 40 % díobh ó institiúidí acadúla nó taighde. I dteannta an ghlao ar fhianaise, tionóladh cruinniú comhairliúcháin spriocdhírithe an 15 Nollaig 2023, agus ionadaithe ó na príomheagraíochtaí páirtithe leasmhara i dtaighde agus nuálaíocht ar leibhéal an Aontais rannpháirteach.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

I dteannta an ionchuir a fuarthas le linn an phróisis chomhairliúcháin, is é atá mar bhonn taca faoin togra fianaise, tuarascálacha agus staidéir fhairsinge a bailíodh le blianta beaga anuas. Ar na príomhfhoinsí fianaise áirítear bailiúchán treoirdhoiciméad atá mór agus ag fás go fóill maidir le slándáil taighde arna fhorbairt ag na Ballstáit agus eagraíochtaí earnála[12], chomh maith le tuarascálacha maidir leis an tsaincheist ó mheithleacha machnaimh, eagraíochtaí páirtithe leasmhara agus comhairlí comhairleacha.

Tugadh aird chuí freisin ar na beartais slándála taighde a chuir cuid dár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta chun feidhme le blianta beaga anuas, agus ar an léargas agus an taithí a fuair siad agus iad ag déanamh amhlaidh. Leis sin, áirítear beartais tíortha amhail na Stáit Aontaithe, an

[12] Féach mar shampla *Annotated collection of guidance for secure and successful R&I cooperation* [Bailiúchán anótáilte de threoraíocht le haghaidh comhar slán agus rathúil T&N] (2022) a thiomsaigh DLR- PT arna iarraidh sin ag an gCoimisiún (nasc).

Ríocht Aontaithe, an Astráil agus Ceanada[13]. I gcomhthéacs an idirphlé iltaobhaigh maidir le luachanna agus prionsabail[14], tionóladh ceardchumann maidir le slándáil taighde i mí na Nollag 2023, inar ghlac comhpháirtithe idirnáisiúnta páirt go gníomhach.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh measúnú tionchair, i bhfianaise chur chuige comhlántach na ngníomhaíochtaí i leith thionscnaimh na mBallstát agus chineál neamhcheangailteach agus deonach na ngníomhaíochtaí beartaithe.

Tá tionchar an mholta ag brath go mór ar rannpháirtíocht agus ullmhacht na mBallstát agus eagraíochtaí earnála chun gníomhú agus dá bhrí sin tá sé dodhéanta measúnú a dhéanamh air roimh ré. Ar choinníoll go nglacann an Chomhairle an togra agus go ngeallann na Ballstáit go gcuirfidh siad a mholtaí chun feidhme agus tacaíocht á fáil acu ón earnáil, leis an togra d’fhéadfaí taighde a fheabhsú trí fheasacht a mhúscailt agus athléimneacht a fhorbairt ar fud na hEorpa.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl an togra nasctha le clár reachtach REFIT maidir le simpliú ón gCoimisiún. Mar sin féin, déantar gach iarracht chun úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní ganna, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as struchtúir rialachais atá ann cheana sa Limistéar Eorpach Taighde agus trí bheith ag brath ar na struchtúir thuairisciúcháin atá ann cheana. Ina theannta sin, leis an moladh beartaithe cuirtear i dtábhacht gur cheart ualach riaracháin nach gá le haghaidh na hearnála a sheachaint agus bearta coimirce á dtabhairt isteach agus gurb amhlaidh i gcomhthéacs cistithe taighde nár cheart moill gan ghá a chur ar an am chun deontas a thabhairt.

- **Cearta bunúsacha**

Ar cheann de phríomhchuspóirí an togra tá tacú leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí a dhéanann taighde chun a áirithiú nach sárófar le comhar idirnáisiúnta i leith taighde agus nuálaíochta bunluachanna ná cearta an duine. Is é atá i gcroílár an mholta bunluachanna acadúla a chosaint, go háirithe saoirse acadúil agus sláine taighde.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cé nach gceanglófar leis an tionscnamh seo acmhainní breise ó bhuiséad an Aontais, leis na bearta sa mholadh seo slógfar foinsí cistiúcháin ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal earnála.

Le haghaidh an ‘Lárionaid Eorpaigh Saineolais maidir le Slándáil Taighde,’ rud a bheartaíonn an Coimisiún a bhunú, shlógfaí an buiséad atá ann cheana le haghaidh Fís Eorpach. I dtéarmaí leagan amach eagraíochtúil, tá roinnt roghanna á mbreithniú, ar roghanna iad a fhiosróidh an Coimisiún a thuilleadh agus tosaíochtaí na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara á gcur san áireamh a mhéid a bhaineann lena fheidhmiúlachtaí.

---

[13] Is féidir teacht ar bhreis faisnéise ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas mar shampla: le haghaidh na Stát Aontaithe (nasc), le haghaidh na Ríochta Aontaithe (nasc), le haghaidh na hAstráile (nasc), agus le haghaidh Ceanada (nasc).

[14] Is féidir teacht ar bhreis faisnéise maidir leis an idirphlé iltaobhach ar luachanna agus prionsabail anseo: nasc.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Chun tacú leis na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara de réir mar a chuireann siad an moladh chun feidhme, bainfear lánúsáid as na struchtúir rialachais atá ann cheana sa Limistéar Eorpach Taighde. Tá coinne leis go léireofar slándáil taighde sa chéad chlár oibre beartais eile de chuid an Limistéir Eorpaigh Taighde le haghaidh 2025- 2027, rud atá á ullmhú faoi láthair i gcomhphlé leis na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara.

Beidh tuairisciú an Choimisiúin ag brath ar an tuairisciú débhliantúil atá ann cheana maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta. Tá an chéad tuarascáil eile beartaithe le haghaidh lár- 2025. Iarrtar ar na Ballstáit pleananna gníomhaíochta náisiúnta a chur isteach maidir le conas a bheartaíonn siad an moladh a chur chun feidhme laistigh de 9 mí óna ghlacadh.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é is aidhm fhoriomlán don tionscnamh cuidiú leis na Ballstáit, institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí a dhéanann taighde, de chineál poiblí agus príobháideach araon, aghaidh a thabhairt ar rioscaí slándála taighde. Leis sin, áiritheofar nach ndéanfar gníomhaíochtaí taighde, nuálaíochta ná ardoideachais a mhí- úsáid ná a ghabháil ar bhealach lena ndéantar difear do shlándáil an Aontais agus a Bhallstát ná nach mbeidh siad mí- eiticiúil. Chuige sin, tá na ranna seo a leanas sa mholadh beartaithe ón gComhairle:

– Tar éis an tsaincheist atá i gceist agus cúlra polaitiúil an togra a thabhairt isteach sna haithrisí, mínítear a raon feidhme. Moltar sainmhíniú ar 'slándáil taighde,' lena dtarraingítear ar phríomheilimintí na sainmhínithe éagsúla atá in úsáid go hidirnáisiúnta. Soiléirítear leis freisin cé na heagraíochtaí agus na páirtithe leasmhara is mó a dtugtar aghaidh orthu i gcomhthéacs an mholta.

– Ansin, moltar prionsabail le haghaidh idirnáisiúnú freagrach. Ceaptar na prionsabail sin ar bhealach a fhágann gur féidir iad a úsáid mar bhonn taca faoi fhoirmliú agus dearadh freagartha beartais ar shlándáil taighde ar aon leibhéal (leibhéal an Aontais, an leibhéal náisiúnta nó leibhéal eagraíochtaí aonair a dhéanann taighde). Leis na prionsabail, tarraingítear ar na cuir chuige a rinneadh i dtreoraíocht náisiúnta agus earnála maidir le hidirnáisiúnú freagrach. Ón bhfreagairt ar an nglao ar fhianaise, is féidir teacht ar an gconclúid gur léir go bhfuil dáimh ag an bpobal páirtithe leasmhara leis na prionsabail sin.

– Sa roinn seo a leanas tá na moltaí iarbhír le haghaidh na mBallstát. Déantar í a roinnt i gceithre fhoroinn. Leis an gcéad fhoroinn, foirmlítear an méid a mholtar do na húdaráis phoiblí a dhéanamh le haghaidh na hearnála taighde agus nuálaíochta i dtéarmaí struchtúr tacaíochta a chruthú agus treoraíocht a sholáthar. Leis an dara foroinn, tugtar aghaidh ar an ról lárnach atá ag eagraíochtaí cistiúcháin náisiúnta maidir le slándáil taighde a fheabhsú. Leis an tríú foroinn, déantar mionléiriú ar an méid a mholtar do na Ballstáit a dhéanamh chun tacú le hinstitiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí a dhéanann taighde agus bearta agus beartais choimirce á dtabhairt isteach acu.

- Leis an bhforoinn deiridh, tugtar achoimre ar roinnt gníomhaíochtaí agus tionscnaimh tacaíochta ón gCoimisiún a bhfuil gá le héascaíocht na mBallstát lena n-aghaidh.
- Leis an roinn deiridh, sonraítear conas a dhéantar bearta leantacha ar an moladh a éascú agus conas a dhéantar faireachán orthu.

2024/0012 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le slándáil taighde a fheabhsú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de, an chéad abairt agus an dara habairt i gcomhar le hAirteagal 182(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá oscailteacht, comhar idirnáisiúnta agus saoirse acadúil i gcroílár taighde agus nuálaíocht den scoth. Mar sin féin, de dheasca an teannais idirnáisiúnta atá ag fás agus na hábharthachta geopholaitiúla méadaithí atá le taighde agus nuálaíocht, bíonn rioscaí méadaitheacha roimh ár dtaighdeoirí agus ár n-acadóirí maidir le slándáil taighde agus iad ag dul i gcomhar go hidirnáisiúnta arb é a thagann as sin go ndéantar difear do thaighde agus nuálaíocht Eorpach le tionchar urchóideach agus go mbaintear mí- úsáid astu ar bhealaí lena ndéantar difear dár slándáil nó lena sáraítear ár noirm eiticiúla. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go dtacaítear le hinstitiúidí ardoideachais Eorpacha agus le heagraíochtaí Eorpacha a dhéanann taighde, de chineál poiblí agus príobháideach araon, agus go gcumhachtaítear iad chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Tá gá le bearta coimirce beachta agus comhréireacha chun comhar idirnáisiúnta a choimeád oscailte agus slán.

(2) Le heolaíocht oscailte, áirithítear go ndéanfar eolaíocht chomh hinrochtana agus is féidir chun tairbhe don eolaíocht, don gheilleagar agus don tsochaí i gcoitinne cé go rannchuidítear le comhar idirnáisiúnta le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda go héifeachtach. Tugtar le tuiscint le saoirse acadúil go bhfuil saoirse ag taighdeoirí a gcuid taighde a dhéanamh agus na modhanna taighde a roghnú chomh maith lena gcomhpháirtithe taighde ó thimpeall an domhain, cé gurb amhlaidh le soghluaisteacht idirnáisiúnta de thallann taighde a shaibhrítear fiosrúchán eolaíoch agus tá sí fíor- riachtanach chun nuálaíocht a chothú agus fionnachtana eolaíocha a bhaint amach.

(3) Is é atá ag teacht as iomaíocht straitéiseach atá ag fás agus as an bhfilleadh ar pholaitíocht na cumhachta caidreamh idirbheartaíochta méadaitheach idir na Stáit. Is é a tháinig as an athrú sin bagairtí atá níos éagsúla, atá níos dothuartha agus atá hibrideach go minic[1]. I bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá ag an teicneolaíocht le haghaidh forlámhas polaitiúil, eacnamaíoch agus míleata, tá tosaíocht dhomhanda á lorg ag cuid d'iomaitheoirí an Aontais i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus

[1] Le bagairtí hibrideacha, tagraítear do chás ina bhféachann gníomhaithe stáit nó neamhstáit le teacht i dtír ar leochaileachtaí an Aontais chun a leasa féin trí mheascán de bhearta a úsáid ar bhealach comhordaithe (i.e.: de chineál taidhleoireachta, míleata, eacnamaíoch, teicneolaíoch) le linn a bheith ag fanacht faoi thairseach na cogaíochta foirmiúla (nasc).

atá bunathraitheach chun a gcumais mhíleata agus faisnéise a fheabhsú agus straitéisí comhleá sibhialta- míleata á saothrú.

(4) Le bagairtí hibrideacha, is féidir difear a dhéanamh do na hearnálacha ábhartha uile, mar sin féin, de dheasca oscailteacht, shaoirse acadúil, uathriail institiúideach agus chomhar na hearnála taighde agus nuálaíochta ar fud an domhain, tá sí an- leochaileach. Spriocdhírítear ar thaighdeoirí agus nuálaithe atá bunaithe san Aontas chun eolas agus teicneolaíocht úrscothach a ghabháil, agus úsáid á baint uaireanta as modhanna atá mealltach agus ceilte nó trí ghadaíocht ghlan, ach níos minice ná a mhalairt trí theacht i dtír ar chomhar acadúil idirnáisiúnta ar cosúil go bhfuil sé *bona fide*. Taobh lenár slándáil a chur i gcontúirt, leis na bagairtí hibrideacha sin d'fhéadfaí difear a dhéanamh do shaoirse acadúil san Eoraip.

(5) Dá réir sin, tá institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí eile a dhéanann taighde ag déanamh a mbealach trí chomhthéacs idirnáisiúnta atá ag éirí níos dúshlánaí, agus rioscaí ann maidir le haistriú neamh- inmhianaithe eolais agus teicneolaíochta criticiúla chuig tíortha ar ábhair imní iad, inar féidir go n-úsáidfear an méid sin chun cumais a n-airm a neartú, nó chun críoch atá de shárú ar bhunluachanna. Cé nach mbíonn toirmeasc air ó thaobh an dlí de i gcónaí, tá an comhar sin neamh- inmhianaithe ós rud é go mbaineann ábhair imní slándála agus eiticiúla nach beag leis.

(6) I gcomhréir le huathriail institiúideach agus saoirse acadúil, tá institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí eile a dhéanann taighde freagrach go príomha as a gcomhar idirnáisiúnta a fhorbairt agus a bhainistiú. Ba cheart do na húdaráis phoiblí ar na leibhéil uile cúnamh agus tacaíocht a sholáthar dóibh, agus é á chumhachtú dóibh cinntí eolasacha a dhéanamh agus na rioscaí maidir le slándáil taighde lena mbaineann a bhainistiú, agus é á áirithiú go leanfaidh comhar idirnáisiúnta i dtaighde, nuálaíocht agus ardoideachas de bheith oscailte agus slán araon.

(7) Le blianta beaga anuas, bhí pléití maidir le slándáil taighde a neartú ar siúl ar leibhéal an Aontais, inar tugadh faoi roinnt tionscnamh freisin:

– I mí na Bealtaine 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún a theachtaireacht maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta[2], lena dtugtar achoimre ar straitéis Eorpach nua um beartas idirnáisiúnta maidir le taighde agus nuálaíocht. D'fhreagair an Chomhairle i mí Mheán Fómhair 2021 trí chonclúidí ón gComhairle a ghlacadh[3] agus sainordú polaitiúil á thabhairt chun oibriú i gcomhpháirt ar shlándáil taighde.

– Tugadh isteach roinnt coimircí i gClár Réime an Aontais um Thaighde agus um Nuálaíocht 2021- 2027, Fís Eorpach[4], lena dtugtar éifeacht do fhreagracht

---

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta: *Europe's strategy for international cooperation in a changing world* [Straitéis na hEorpa um chomhar idirnáisiúnta i ndomhan atá ag athrú], COM(2021) 252 an 18.5.2021 (nasc).

3 Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith T&N an 28.9.2021 (nasc), go háirithe míreanna 3, 11 agus 23.

4 Leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach, AE 2021/695 an 28.4.2021 (nasc), déantar foráil *inter alia* maidir le breithmheas slándála ar na tionscadail uile a roghnaíodh le haghaidh cistithe (Airteagal 20), leis an bhféidearthacht chun eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha nó á rialú acu a eisiamh ó ghlaonna áirithe (Airteagal 22(5)), chomh maith le critéir incháilitheachta a chur leo sin a leagtar amach i míreanna 2 go 5 chun go gcuirfear san áireamh ceanglais bheartais shonracha nó cineál agus cuspóirí na gníomhaíochta (Airteagal 22(6)) agus an ceart atá ag an gCoimisiún nó ag an gcomhlacht cistiúcháin ábhartha chun agóid a dhéanamh in aghaidh aistrithe úinéireachta torthaí, nó deontais ceadúnais eisiaigh maidir le torthaí (Airteagal 40(4)). Áirítear forálacha comhchosúla sa Chiste Eorpach Cosanta agus i gClár Spáis an Aontais.

shainiúil an Aontais mar cheann de na maoinitheoirí taighde is mó de chuid na hEorpa.

– I mí na Samhna 2021, ghlac an Chomhairle clár oibre beartais LET 2022- 2024 mar chuid dá conclúidí maidir le rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) amach anseo[5], ina n-áirítear dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach i gceann dá gníomhaíochtaí tosaíochta.

– I mí Eanáir 2022, agus obair leantach á déanamh ar a ghealltanais a eascraíonn as an gcur chuige domhanda agus as clár oibre LET araon, d'fhoilsigh an Coimisiún a dhoiciméad inmheánach oibre maidir le dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach T&N[6]. Ina theannta sin, chun piarfhoghlaim a éascú i measc na mBallstát, tionóladh Cleachtadh Foghlama Frithpháirtí (MLE) le linn 2023.

– Leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Straitéis Eorpach d'Ollscoileanna'[7] meabhraítear go bhfuil seasamh uathúil ag institiúidí ardoideachais atá fite fuaite leis an oideachas, an taighde, an nuálaíocht, agus a bhfuil ról criticiúil acu dá réir sin chun an Limistéar Eorpach Oideachais[8] agus an Limistéar Eorpach Taighde a bhaint amach, sainmhínítear trasnaíocht eachtrach in institiúidí ardoideachais mar bhagairt agus tacaítear le cur chun feidhme na dtreoirlínte maidir le trasnaíocht eachtrach. Is é atá i gcroílár na straitéise ról institiúidí ardoideachais maidir le luachanna daonlathacha Eorpacha a chosaint.

– An 9 Márta 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir le 'Trasnaíocht eachtrach ar na próisis dhaonlathacha uile san Aontas Eorpach, lena n-áirítear bréagaisnéis,' ina n-éilíonn sí go neartófar saoirse acadúil, go gcuirfear feabhas ar thrédhearcacht cistiúcháin eachtraigh agus go ndéanfar mapáil agus faireachán ar thrasnaíocht eachtrach chomh maith leis sin sna réimsí cultúir, acadúla agus reiligiúnacha[9].

– Ó thaobh slándáil agus cosaint níos leithne de, tá obair ar siúl faoi chuimsiú Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála[10] agus an Chompáis Straitéisigh um Shlándáil agus Cosaint chomh maith leis sin[11] arb é is aidhm di measúnú comhroinnte a dhéanamh ar bhagairtí agus dúshláin agus comhleanúnachas níos mó a áirithiú i ngníomhaíochtaí sa réimse slándála agus cosanta, lena n-áirítear trí ionstraimí éagsúla chun bagairtí hibrideacha a bhrath agus freagairt dóibh i mBosca Uirlisí Hibrideach an Aontais.

– I réimse rialacha an Aontais maidir le rialú onnmhairí le haghaidh earraí agus teicneolaíocht dé- úsáide, tá tábhacht nach beag le rialachán an Aontais maidir

---

5 Conclúidí ón gComhairle maidir le rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) an 26.11.2021 (nasc).
6 An Coimisiún Eorpach, Ard- Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, *Dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach T&N – Doiciméad inmheánach oibre*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022 (nasc).
7 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis Eorpach d'ollscoileanna, COM(2022)16 an 18.1.2022 (nasc).
8 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025, COM(2020)625 an 30.9.2020 (nasc).
9 Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le trasnaíocht eachtrach ar na próisis dhaonlathacha uile san Aontas Eorpach, lena n- áirítear bréagaisnéis, P9_TA(2022)0064 an 9.3.2022 (nasc).
10 *Communication from the Commission on the EU Security Union Strategy* [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála], COM(2020)605 an 24.7.2020 (nasc).
11 Comhairle an Aontais Eorpaigh: Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint, ST 7371/22 an 21.3.2022 (nasc).

le rialú onnmhairí[12] le haghaidh slándáil taighde. Chun cuidiú le hinstitiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí a dhéanann taighde, d'fhoilsigh an Coimisiún i mí Mheán Fómhair 2021 moladh maidir le cláir chomhlíontachta le haghaidh taighde lena mbaineann ítimí dé- úsáide[13].

(8) Ghlac an Coimisiún agus an tArdionadaí teachtaireacht chomhpháirteach maidir le straitéis Eorpach um an tslándáil eacnamaíoch[14] arb é is aidhm di a áirithiú go leanfaidh an tAontas de thairbhiú d'oscailteacht eacnamaíoch, agus rioscaí maidir lena shlándáil eacnamaíoch á n-íoslaghdú an tráth céanna. Leis an Straitéis moltar cur chuige trí cholún: bonn eacnamaíoch agus iomaíochas an Aontais a chur chun cinn; cosaint ar rioscaí; agus comhpháirtíocht leis an réimse is leithne is féidir tíortha chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní agus leasanna comhroinnte. I ngach ceann de na colúin, tá príomhról ag taighde agus nuálaíocht.

(9) Mar obair leantach ar an teachtaireacht chomhpháirteach seo, shainaithin an Coimisiún réimsí teicneolaíochta criticiúla le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais le haghaidh measúnú riosca breise leis na Ballstáit ina mholadh an 3 Deireadh Fómhair 2023[15]. Seoladh measúnuithe riosca cheana mar ábhar tosaíochta ar cheithre cinn de na deich réimse teicneolaíochta chriticiúla a sainaithníodh, is é sin leathsheoltóirí forbartha, intleacht shaorga, teicneolaíochtaí candamacha agus bith- theicneolaíochtaí. Leis an toradh ar mheasúnaithe riosca, nuair a thugtar chun críche é, d'fhéadfaí eolas a dhéanamh do bhearta eile chun an straitéis Eorpach um an tslándáil eacnamaíoch a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta chun slándáil taighde a fheabhsú.

(10) Leis an teachtaireacht chomhpháirteach maidir leis an straitéis Eorpach um an tslándáil eacnamaíoch fógraíodh thairis sin go molfadh an Coimisiún bearta chun slándáil taighde a fheabhsú trí úsáid na n-uirlisí atá ann cheana a áirithiú agus aon bhearna atá fágtha a shainaithint agus aghaidh a thabhairt air, agus oscailteacht an éiceachórais taighde agus nuálaíochta á caomhnú an tráth céanna.

(11) I dtéarmaí sainaithint bearnaí dá dtagraítear sa phointe roimhe sin, le pléití leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí páirtithe leasmhara léirítear go bhfuil gá práinneach ag lucht ceaptha beartas agus cleachtóirí le soiléireacht níos coincheapúla, tuiscint chomhroinnte ar na saincheisteanna atá i gceist chomh maith lena bhfuil i gceist le freagairt bheartais atá comhréireach agus éifeachtach araon.

(12) D'fhorbair líon méadaitheach Ballstát beartais, nó tá beartais á bhforbairt acu, arb é is aidhm dóibh slándáil taighde a fheabhsú. Cé gurb amhlaidh leis na hiarrachtaí sin a rannchuidítear go ginearálta le feasacht a mhúscailt agus borradh a chur faoi athléimneacht, ba é a thiocfadh as iolrú neamhchomhordaithe ar bhearta náisiúnta meascán de bheartais náisiúnta, éagothromaíochtaí i measc na mBallstát, agus dá réir sin ilroinnt an Limistéir Eorpaigh Taighde. Dá bhrí sin, tá gá le comhordú ar leibhéal

[12] Rialachán (AE) 2021/821 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé- úsáide a rialú (nasc).

[13] Moladh ón gCoimisiún maidir le cláir chomhlíontachta inmheánacha um rialuithe ar thaighde lena mbaineann ítimí dé- úsáide […], 2021/1700 an 15.9.2021 (nasc).

[14] Teachtaireacht chomhpháirteach maidir le straitéis Eorpach um an tslándáil eacnamaíoch, JOIN(2023)20 an 20.6.2023 (nasc).

[15] *Commission recommendation on critical technology areas for the EU's economic security for further risk assessment with Member States* [Moladh ón gCoimisiún maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla le haghaidh slándáil eacnamaíoch an Aontais le haghaidh measúnú riosca breise leis na Ballstáit], C(2023) 6689 an 3.10.2023 (nasc).

an Aontais chun foráil a dhéanamh maidir le cothroime iomaíochta agus sláine an Limistéir Eorpaigh Taighde a chosaint.

(13) Ba cheart é a chur i dtábhacht nach féidir le coimircí slándála taighde a bheith éifeachtach i ndáiríre má chuirtear i bhfeidhm iad go comhsheasmhach ar na leibhéil uile, lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha aonair a dhéanann taighde chomh maith leis sin, ionas go seachnófar bealaí éalaithe agus imchéimniú.

(14) I gcásanna sonracha, le comhlíontacht le reachtaíocht agus rialacha ábhartha de chuid an Aontais d'fhéadfaí tairbhiú de threoraíocht léirmhínitheach. Tá feidhm aige sin go háirithe maidir le rialacha i ndáil le rialú onnmhairí, go háirithe aistriú doláimhsithe teicneolaíochta (ITT), na ceanglais víosa le haghaidh taighdeoirí eachtracha[16], chomh maith le ceanglais áirithe maidir le heolaíocht oscailte agus bainistíocht sócmhainní intleachtúla a léirmhíniú ó thaobh slándáil taighde de.

(15) Is den tábhacht go ndéantar measúnú struchtúrach ar bhagairtí hibrideacha lena ndéantar difear don éiceachóras taighde agus nuálaíochta, agus feasacht staide á feabhsú i measc lucht ceaptha beartas trí bheith ag brath ar an Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise (SIAC), go háirithe Cill Chomhtháthaithe an Aontais Eorpaigh in aghaidh Bagairtí Hibrideacha, obair an Lárionaid Eorpaigh um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha[17] chomh maith le ENISA i ndáil le bagairtí cibearshlándála[18].

(16) Agus é á chur san áireamh go dtarlaíonn sciar nach beag de thaighde agus nuálaíocht san earnáil phríobháideach, tá sé ríthábhachtach treoraíocht agus uirlisí spriocdhírithe a fhorbairt le haghaidh gnó, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta diantaighde agus cuideachtaí beaga agus meánmhéide. Cé gur féidir go mbeidh na rioscaí ar a bhfuil cuideachtaí neamhchosanta ina rioscaí comhchosúla, athraíonn a staid ó institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí a dhéanann taighde go chéile. Ina fhianaise sin, ba cheart aird a tharraingt ar na rialacha atá ann cheana, lena n-áirítear iad sin maidir le rialú onnmhairí ítimí dé- úsáide, scagadh ar infheistíochtaí coigríche chomh maith leis an obair atá ar siúl ar an bhfaireachán ar infheistíochtaí amach.

(17) Agus an moladh seo á ullmhú, tugadh aird chuí ar thaithí ó na Ballstáit, agus ó chomhpháirtithe an Aontais chomh maith leis sin, i suíomhanna déthaobhacha agus iltaobhacha araon. Leis sin, cuirtear san áireamh ceachtanna beartais ó phríomh- chomhpháirtithe, agus é á cur i bhfios go láidir gur cheart cur chuige a fhoirmliú a oireann don chomhthéacs Eorpach uathúil. Tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh lenár gcomhpháirtithe chun faisnéis agus taithí a mhalartú, dea- chleachtais a chomhroinnt agus bealaí a lorg chun bearta coimirce a ailíniú, lena n-áirítear tríd an idirphlé iltaobhach maidir le luachanna agus prionsabail, mar chuid de chaibidlíocht chomhlachais agus cruinnithe coiste stiúrtha comhpháirteacha i gcomhthéacs comhaontuithe eolaíochta agus teicneolaíochta idirnáisiúnta, agus i bhfóraim iltaobhacha chomh maith leis sin, amhail G7, ECFE agus ECAT, agus socruithe iltaobhacha ábhartha maidir le rialú onnmhairí.

---

[16] Treoir (AE) 2016/801 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéar, oiliúna, seirbhíse deonaí, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadal oideachais agus obair *au pair* an 11.5.2016 (nasc).

[17] Is é atá sa Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha eagraíocht idirnáisiúnta fhéinrialaitheach, líonrabhunaithe a dhéanann bagairtí hibrideacha a chomhrac, a bunaíodh in 2017, agus atá bunaithe i Heilsincí (nasc).

[18] Is í Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil, ENISA, gníomhaireacht an Aontais atá tiomnaithe d'ardleibhéal coiteann cibearshlándála a bhaint amach ar fud na hEorpa (nasc).

(18) Tá slándáil taighde ina hábhar imní a bhfuil aird mhéadaitheach á tabhairt uirthi agus tá an díospóireacht leanúnach maidir leis na rioscaí lena mbaineann agus conas is fearr is féidir iad a bhainistiú ag dul i dtreis. Dá dheasca sin, is gá feasacht a mhúscailt a thuilleadh, piarfhoghlaim a éascú idir na Ballstáit agus eagraíochtaí páirtithe leasmhara ábhartha, agus rannchuidiú chomh maith leis sin le cur chuige foghlama atá solúbtha agus lúfar araon.

**RAON FEIDHME**

1. Chun críocha an mholta seo, le 'slándáil taighde' tagraítear do rioscaí a bhainistiú maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) an t-aistriú neamh- inmhianaithe ar eolas criticiúil, saineolas agus teicneolaíocht lenar féidir difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais agus a Bhallstát, mar shampla má dhírítear an méid sin ar chríocha míleata i dtríú tíortha;

   (b) tionchar urchóideach ar thaighde, inar féidir le tríú tíortha teacht i dtír ar thaighde nó inar féidir teacht i dtír air ó na tíortha sin chun insintí áirithe a scaipeadh nó féinchinsireacht a ghríosú i measc mic léinn agus taighdeoirí lena sáraítear saoirse acadúil agus sláine taighde san Aontas;

   (c) sáruithe eiticiúla nó sláine, ina n-úsáidtear eolas agus teicneolaíochtaí chun bunluachanna a chur faoi chois nó chun dochar a dhéanamh dóibh, cibé acu san Aontas nó in áit eile.

2. Chun críocha an mholta seo, ba cheart 'comhar idirnáisiúnta' a thuiscint mar chomhar eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha a dhéanann taighde agus institiúidí ardoideachais le heagraíochtaí agus cuideachtaí taighde agus nuálaíochta bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach. Eagraíochtaí taighde agus nuálaíochta agus cuideachtaí atá bunaithe san Aontas ach atá faoi úinéireacht nó á rialú ó lasmuigh den Aontas, ba cheart iad a bhreithniú ar bhonn breithmheas riosca.

3. I gcomhthéacs an mholta seo, le 'breithmheas riosca' tagraítear do phróiseas i ndáil le comhar idirnáisiúnta i leith taighde agus nuálaíochta ina gcuirtear teaglaim de phríomhthosca riosca san áireamh. Leis an teaglaim de na tosca sin cinntear an leibhéal riosca. Is féidir na príomheilimintí ar a bhfuil measúnú le déanamh a ghrúpáil i gceithre chatagóir:

   – Próifíl riosca na heagraíochta atá bunaithe san Aontas agus atá ag dul i mbun an chomhair idirnáisiúnta: breithnigh láidreachtaí agus leochaileachtaí na heagraíochta, lena n-áirítear spleáchais airgeadais, atá ábhartha maidir leis an tionscadal taighde;

   – An réimse taighde agus nuálaíochta ina bhfuil an comhar idirnáisiúnta le déanamh: breithnigh cé acu a dhírítear nó nach ndírítear leis an tionscadal ar réimse taighde, e.g. réimse teicneolaíochta criticiúla, nó a bhaineann nó nach mbaineann bonneagar modheolaíochta nó taighde leis a mheastar a bheith an- íogair ó thaobh slándála nó eitice/chearta an duine de;

   – Próifíl riosca an tríú tír ina bhfuil an comhpháirtí idirnáisiúnta bunaithe nó óna bhfuil sé faoi úinéireacht nó á rialú (e.g.: an bhfuil an tír faoi réir smachtbhannaí nó an bhfuil cuntas teiste lochtach aici maidir leis an smacht reachta nó cosaint chearta an duine, an bhfuil straitéis chomhleá shibhialta- mhíleata ionsaitheach nó saoirse acadúil theoranta aici);

– Próifíl riosca na heagraíochta comhpháirtíochta idirnáisiúnta: déan dícheall cuí maidir leis an eagraíocht a mbeartaíonn tú dul i gcomhar léi go bhfeice tú an bhfuil naisc aici leis an rialtas nó leis an arm, cleamhnachtaí na dtaighdeoirí/na foirne lena mbaineann chomh maith le rúin an chomhpháirtí maidir le húsáid deiridh nó cur i bhfeidhm na dtorthaí taighde.

4. Chun críocha an mholta seo, leis an 'earnáil taighde agus nuálaíochta' cumhdaítear na heagraíochtaí uile a dhéanann taighde agus na hinstitiúidí ardoideachais uile ar fud an Aontais, de chineál poiblí agus príobháideach araon. I bhfianaise na tábhachta atá le páirtithe leasmhara eile, amhail oifigí aistrithe teicneolaíochta, gníomhaireachtaí um idirnáisiúnú, comhlachais tráchtála agus cuideachtaí diantaighde, is féidir leis an moladh seo a bheith chomh hábhartha céanna maidir leis na gníomhaithe uile eile in éiceachóras taighde agus nuálaíochta an Aontais. I gcás inarb ábhartha, d'fhéadfaí gníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta maidir le hoideachas a bhreithniú freisin.

**PRIONSABAIL LE hAGHAIDH IDIRNÁISIÚNÚ FREAGRACH**

1. Leanúint de shaoirse acadúil agus uathriail institiúideach a chur chun cinn agus a chosaint, agus é á chur san áireamh gurb iad na hinstitiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí eile a dhéanann taighde is mó atá freagrach as comhar idirnáisiúnta i leith taighde agus nuálaíochta;

2. Leanúint de chomhar idirnáisiúnta i leith taighde agus nuálaíochta a chur chun cinn agus a spreagadh le comhpháirtithe i dtríú tíortha atá oscailte agus slán araon, i gcomhréir leis an bprionsabal 'a oscailte is féidir, a iata is gá,' agus é á áirithiú go mbeidh aschuir thaighde inaimsithe, inrochtana, idir- inoibritheacha agus in- athúsáidte (FAIR), agus aird chuí á tabhairt ar shrianta is infheidhme, lena n-áirítear ábhair imní shlándála;

3. Comhréireacht beart a áirithiú: i gcás ina dtugtar coimircí isteach, níor cheart dul thar a bhfuil fíor- riachtanach leo chun na rioscaí atá i gceist a mhaolú agus ualach riaracháin nach gá a sheachaint. Is é an cuspóir atá ann dí- rioscú a dhéanamh seachas díchúpláil a dhéanamh;

4. Bearta slándála a stiúradh chun slándáil eacnamaíoch a chosaint, lena n-áirítear slándáil an Aontais agus slándáil náisiúnta, agus luachanna comhroinnte a chosaint, lena n-áirítear saoirse acadúil, agus caomhnaitheacht agus ionstraimiú polaitiúil gan údar maith maidir le taighde agus nuálaíocht á seachaint;

5. Féinrialachas a chur chun cinn laistigh den earnáil, agus taighdeoirí agus nuálaithe á gcumhachtú chun cinntí eolasacha a dhéanamh, agus freagrachtaí sochaíocha na n-institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí eile a dhéanann taighde á dtreisiú, ag cur leis an bprionsabal 'go ngabhann freagracht acadúil le saoirse acadúil';

6. Cur chuige uile- rialtais a ghlacadh, lena dtugtar le chéile saineolas agus scileanna ábhartha, lena n-áirithítear cur chuige cuimsitheach i leith slándáil taighde agus lena gcothaítear comhleanúnachas gníomhaíochtaí rialtais agus teachtaireachtaí chuig an earnáil taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear bearta coincréiteacha chun an lucht saothair ábhartha a uas- sciliú agus a athsciliú;

7. Le linn cur chuige rioscabhunaithe a shaothrú, beartais atá il- oiriúnach don tír a ghlacadh, agus rioscaí á sainaithint agus aghaidh á tabhairt orthu, ar rioscaí iad maidir le slándáil taighde cibé áit as a dtagann siad, ós rud é gurb é sin an ráthaíocht is fearr dá bhfuil ann go ndéantar cur chuige cothrom i leith deiseanna agus rioscaí sa chomhar i leith taighde agus nuálaíochta a choinneáil ar bun agus nach ndéantar

dearmad ar fhorbairtí atá ag fabhrú i dtimpeallacht na bagartha, lena n-áirítear teacht chun cinn gníomhaithe bagartha nua;

8. A áirithiú go ndéanfar gach iarracht chun gach cineál idirdhealaithe agus stiogmataithe, de chineál díreach chomh maith le hindíreach, a sheachaint, ar idirdhealú nó stiogmatú é a d'fhéadfadh tarlú mar fho- éifeachtaí neamhbheartaithe le bearta coimirce agus lánurraim do chearta bunúsacha agus luachanna comhroinnte a áirithiú;

9. Cineál dinimiciúil na slándála taighde a aithint, rud atá múnlaithe le rioscaí atá ag fabhrú, léargas nua agus comhthéacsanna geopholaitiúla, lena n-éilítear cur chuige foghlama ina bhfuil athbhreithnithe tréimhsiúla á ndéanamh chun a áirithiú go leanfaidh beartais slándála taighde de bheith cothrom le dáta, éifeachtach agus comhréireach.

**AG MOLADH LEIS SEO GO nDÉANFAIDH NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS:**

agus lánaird á tabhairt d'uathriail institiúideach agus saoirse acadúil, agus i gcomhréir le himthosca náisiúnta agus lena bhfreagracht as slándáil náisiúnta:

1. Oibriú i dtreo tacar comhleanúnach de ghníomhaíochtaí beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun slándáil taighde a fheabhsú, agus an úsáid is fearr á baint as na heilimintí a liostaítear sa roinn seo, agus na prionsabail réamhluaite le haghaidh idirnáisiúnú freagrach á gcur san áireamh;

2. Dul i mbun idirphlé le páirtithe leasmhara taighde agus nuálaíochta d'fhonn freagrachtaí agus róil a shainiú, agus plean gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt, treoirlínte náisiúnta a fhoirmliú i gcás inarb ábhartha, agus bearta agus tionscnaimh ábhartha a liostú chun borradh a chur faoi shlándáil taighde, i dteannta amlíne le haghaidh a gcur chun feidhme.

3. Struchtúr tacaíochta a chruthú, e.g.: Mol Comhairleach maidir le Slándáil Taighde, chun cuidiú le taighdeoirí agus nuálaithe déileáil le rioscaí maidir le comhar idirnáisiúnta i dtaighde agus nuálaíocht. Agus saineolas agus scileanna trasearnála á dtabhairt le chéile aige, ba cheart dó faisnéis agus comhairle a sholáthar ar féidir le heagraíochtaí a dhéanann taighde iad a úsáid chun cinntí eolasacha a dhéanamh, agus deiseanna agus rioscaí maidir le comhar idirnáisiúnta ionchasach á meá chomh maith le seirbhísí eile a bhfuil gá soiléir ag an earnáil taighde agus nuálaíochta leo, lena n-áirítear gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus oiliúintí.

4. An bonn fianaise le haghaidh ceapadh beartas maidir le slándáil taighde a neartú, trí anailís a dhéanamh ar thimpeallacht na bagartha, lena n-áirítear ó thaobh cibearshlándála de, agus trí thaighde atá ábhartha maidir le beartais a dhéanamh nó a choimisiúnú chomh maith leis sin.

5. Aird shonrach a thabhairt ar na teicneolaíochtaí criticiúla sin arna sainaithint leis an moladh ón gCoimisiún maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais le haghaidh measúnú riosca breise leis na Ballstáit[19], agus ar thorthaí na measúnuithe riosca comhchoiteanna sin.

[19] *Commission recommendation of 3.10.2023 on critical technology areas for the EU's economic security for further risk assessment with Member States* [Moladh ón gCoimisiún an 3.10.2023 maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais le haghaidh measúnú riosca breise leis na Ballstáit] (nasc).

6. Comhar trasearnála a threisiú laistigh den rialtas, go háirithe agus lucht ceaptha beartas atá freagrach as ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, gnóthaí eachtracha, agus faisnéis agus slándáil á thabhairt le chéile.

7. Malartú faisnéise le heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha a dhéanann taighde a éascú maidir leis an anailís agus leis an taighde réamhluaite, lena n-áirítear trí sheisiúin faisnéise aicmithe agus neamhaicmithe nó oifigigh idirchaidrimh thiomnaithe.

8. Léargas a fháil ar athléimneacht na hearnála chomh maith le héifeachtacht agus comhréireacht na mbeartas is infheidhme maidir le slándáil taighde, lena n-áirítear b'fhéidir trí thástáil athléimneachta agus ionsamhluithe teagmhais tráthrialta.

9. Chun comhlíontacht a áirithiú leis na rialacha is infheidhme ón Aontas maidir le rialú onnmhairí le haghaidh ítimí dé- úsáide agus na smachtbhannaí arna nglacadh de bhun Airteagal 29 CAE agus Airteagal 215 CFAE, bearta náisiúnta a dhéanamh go háirithe maidir le haistriú doláimhsithe teicneolaíochta (ITT), agus chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú córas smachtbhannaí atá ábhartha maidir le taighde agus nuálaíocht a neartú chomh maith leis sin, amhail iad sin lena dtoirmeasctar aistriú teicneolaíochtaí áirithe.

10. Rannchuidiú go réamhghníomhach le hardán ilfhreastail an Aontais maidir le dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach T&N trí uirlisí agus acmhainní arna bhforbairt trí chistiú poiblí a chomhroinnt arb é is aidhm dó sin glacadh trasteorann na n-uirlisí agus na n-acmhainní sin a éascú agus iad a sholáthar ar bhealach soláimhsithe agus inrochtana.

11. Faisnéis agus treoraíocht spriocdhírithe a fhorbairt, i dteannta na hearnála príobháidí, le haghaidh gnó atá rannpháirteach i dtaighde agus nuálaíocht phríobháideach, lena n-áirítear le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta diantaighde agus cuideachtaí beaga agus meánmhéide.

12. Breithniú a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, agus bunaithe ar mheasúnú riosca, ar chur i bhfeidhm na mbeart atá sa mholadh seo maidir le gníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta in ardoideachas, lena n-áirítear maidir le gníomhaíochtaí soghluaisteachta mac léinn agus foirne.

*Ról eagraíochtaí cistiúcháin taighde*

13. Dul i mbun plé le heagraíochtaí cistiúcháin taighde chun an méid seo a leanas a áirithiú:

    (a) Tá slándáil taighde ina cuid lárnach den phróiseas iarratais lena gcuirtear san áireamh na tosca éagsúla lena sainítear, nuair a ghlactar le chéile iad, próifíl riosca an tionscadail. Is é an cuspóir atá ann tairbhithe a spreagadh chun a machnamh a dhéanamh ar an gcomhthéacs ina ndéantar an comhar T&N agus cé na spreagthaí agus na cláir oibre (fholaithe) a bhféadfadh ról a bheith acu, agus é á áirithiú go sainaithneofar rioscaí agus bagairtí féideartha roimh ré arb é is aidhm dó sin fadhbanna a sheachaint a oiread agus is féidir níos déanaí.

    (b) I gcás tionscadail taighde a roghnaítear le haghaidh cistithe atá ina n-ábhair imní ('bratacha dearga'), déantar breithmheas riosca orthu atá comhréireach lena bpróifíl riosca, arb é a thagann as sin bearta coimirce iomchuí a chomhaontú lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí sainaitheanta agus é á áirithiú nach gcuirfear moill gan ghá leis an am chun deontas a thabhairt, agus aon ualach riaracháin nach gá á sheachaint an tráth céanna.

(c) Le linn bearta coimirce a chur i bhfeidhm i gcláir chistiúcháin náisiúnta, cuirtear na cinn sin a chuirtear i bhfeidhm i gcláir chistiúcháin ábhartha ón Aontas san áireamh.

(d) Tá dearbhuithe á lorg ag iarratasóirí, mar shampla trí chomhaontú comhpháirtíochta a chomhaontú, ó chomhpháirtithe ionchasacha le haghaidh tionscadail ag a bhfuil próifíl riosca ard go n-úsáidfear na torthaí taighde ar bhealach lena seastar le bunluachanna, lena n-áirítear urraim do chearta an duine.

(e) Tá saineolas agus scileanna leordhóthanacha le fáil laistigh den eagraíocht cistiúcháin chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le slándáil taighde agus chun bearta leordhóthanacha faireacháin agus meastóireachta a chur i bhfeidhm chomh maith leis sin chun maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail ag céimeanna éagsúla, lena n-áirítear cuntas a choinneáil ar theagmhais agus bearta inchreidte a dhéanamh i gcás neamhchomhlíontachta.

*Tacaíocht le haghaidh institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí eile a dhéanann taighde*

14. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí eile a dhéanann taighde chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Ardán earnála de pháirtithe leasmhara a chruthú chun malartú faisnéise, piarfhoghlaim, forbairt uirlisí agus treoirlínte agus tuairisciú teagmhais a éascú. Comhthiomsú acmhainní a bhreithniú chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní agus saineolas gann agus scaipthe;

(b) Nósanna imeachta inmheánacha um bainistíocht riosca a chur chun feidhme ar bhealach struchtúrtha, lena n-áirítear trí bhreithmheas riosca, dícheall cuí maidir le comhpháirtithe ionchasacha agus géarú chuig leibhéil níos airde cinnteoireachta inmheánaí i gcás eilimintí atá ina n-ábhair imní ('bratacha dearga'), agus ualach riaracháin nach gá á sheachaint;

(c) Aon uair a dhéantar comhaontuithe comhpháirtíochta taighde le heintitis eachtracha, lena n-áirítear trí Mheabhráin Tuisceana, a éileamh go gcuirfear príomh- chreatdálaí san áireamh, amhail urraim do bhunluachanna, saoirse acadúil, cómhalartacht agus socruithe maidir le bainistíocht sócmhainní intleachtúla, lena n-áirítear scaipeadh agus luachshocrú torthaí, ceadúnú nó aistriú torthaí agus cruthú seachtháirgí, agus a áirithiú go mbeidh straitéis scoir i bhfeidhm i gcás nach gcomhlíontar coinníollacha na gcomhaontuithe;

(d) Measúnú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le cláir tallainne rialtas- urraithe in ardoideachas agus taighde, ag díriú go háirithe ar aon oibleagáid neamh- inmhianaithe a fhorchuirtear ar a dtairbhithe, agus a ráthú go gcloífidh soláthraithe eachtracha rialtas- urraithe ar campas, ar soláthraithe cúrsaí agus oiliúintí iad, le misean agus rialacha na hinstitiúide óstaí;

(e) Infheistiú i saineolas agus scileanna inmheánacha tiomnaithe maidir le slándáil taighde, freagracht maidir le slándáil taighde a shannadh ar na leibhéil eagraíochta iomchuí agus infheistiú i gcibearshláinteachas agus cultúr ina bhfuil oscailteacht agus slándáil ar comhardú a chruthú;

(f) Cláir oiliúna a fhorbairt, lena n-áirítear cúrsaí ar líne, le haghaidh cleachtóirí agus comhaltaí foirne nua, mar chuid dá n-ionduchtú, chomh maith le curaclaim arb é is aidhm dóibh oiliúint a chur ar an gcéad ghlúin eile de chomhairleoirí slándála agus lucht ceaptha beartas. Oiliúint a chur ar earcaitheoirí chun eilimintí atá ina n-ábhair imní ('bratacha dearga') a sheiceáil agus a bhrath, mar chuid de phróiseas grinnfhiosrúcháin struchtúrach, in iarratais le haghaidh poist taighde, go háirithe iad sin i réimsí taighde criticiúla;

(g) Trédhearcacht iomlán foinsí cistiúcháin agus cleamhnachtaí foirne taighde a áirithiú i bhfoilseacháin eolaíocha agus sna foirmeacha uile eile de scaipeadh torthaí taighde, agus é á sheachaint go ndéantar difear le spleáchais eachtracha agus coinbhleachtaí leasa nó gealltanais do cháilíocht agus inneachar an taighde;

(h) Roinnt i ndeighleoga a thabhairt isteach, de chineál fisiceach agus fíorúil araon, agus é á ráthú le haghaidh réimsí, amhail saotharlanna agus bonneagar taighde, sonraí agus córais atá an- íogair, go ndeonófar rochtain ar bhonn riachtanas eolais dian, agus, le haghaidh córais ar líne, go mbeidh socruithe cibearshlándála láidre i bhfeidhm;

(i) A áirithiú go gcoiscfear gach foirm idirdhealaithe agus stiogmataithe, de chineál díreach agus indíreach, go ráthófar sábháilteacht aonair, agus aird ar leith á tabhairt ar chomhéigean an diaspóra ón stát tionscnaimh agus foirmeacha eile de thionchar urchóideach, rudaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le féinchinsireacht agus a bhféadfaidh impleachtaí slándála a bheith acu le haghaidh na dtaighdeoirí eachtracha, na n-iarrthóirí dochtúireachta agus na mac léinn lena mbaineann, agus go dtuairisceofar teagmhais.

*Ag tacú le gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais*

15. Dul i gcomhar go hiomlán d'fhonn éascaíocht a dhéanamh do na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún nó a bhfuil coinne aige iad a dhéanamh chun tacú le cur chun feidhme an mholta seo, agus go háirithe:

(a) Lánúsáid á baint as an modh oscailte comhordúcháin, go háirithe struchtúir rialachais LET, chun feasacht a mhúscailt, chun piarfhoghlaim a éascú, agus chun comhsheasmhacht beartas a éascú chomh maith leis sin;

(b) Lárionad Eorpach Saineolais maidir le Slándáil Taighde a bhunú mar phointe fócasach, nasctha le hardán ilfhreastail an Choimisiúin maidir le dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach T&N, rannchuidiú le pobal cleachtais uile- Aontais a chruthú agus idirphlé struchtúrach a choinneáil ar bun le heagraíochtaí páirtithe leasmhara agus rannchuidiú chomh maith leis sin le taighde atá ábhartha maidir le beartais i slándáil taighde agus anailís a dhéanamh ar threochtaí agus patrúin ar fud an Aontais;

(c) Feasacht staide a fheabhsú, i gcomhar leis an Ardionadaí, i measc lucht ceaptha beartas trí mheasúnú a dhéanamh go struchtúrach ar bhagairtí hibrideacha lena ndéantar difear don éiceachóras taighde agus nuálaíochta;

(d) Modheolaíocht tástála athléimneachta a fhorbairt, rud ar féidir le hinstitiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha a dhéanann taighde a úsáid ar an leibhéal náisiúnta ar bhonn deonach;

(e) Leanúint dá obair, i dteannta na mBallstát agus na páirtithe leasmhara rannpháirteach, maidir le measúnú a dhéanamh ar rioscaí teicneolaíochtaí

criticiúla[20], chomh maith le dul i mbun idirphlé chun comhroinnt faisnéise agus comhsheasmhacht an chur chuige a áirithiú maidir le breithmheas riosca agus coimircí slándála taighde i gcláir chistiúcháin náisiúnta agus iad sin i gcláir chistiúcháin ábhartha ón Aontas;

(f) Uirlisí agus acmhainní a fhorbairt, atá il- oiriúnach don tír agus atá tírshonrach, chun tacú le hinstitiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha a dhéanann taighde chun dícheall cuí a dhéanamh maidir le comhpháirtithe ionchasacha; chomh maith le Fóram Páirtithe Leasmhara débhliantúil maidir le Slándáil Taighde a eagrú, i dteannta eagraíochtaí páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais;

(g) Treoraíocht léirmhínitheach a ullmhú, i gcás inar gá, maidir le nósanna imeachta um breithmheas riosca a fhorbairt agus maidir le cur i bhfeidhm reachtaíochta ábhartha ón Aontas chomh maith leis sin;

(h) Dul i mbun plé leis an earnáil taighde agus nuálaíochta chun measúnú a dhéanamh ar conas is fearr is féidir trédhearcacht foinsí cistiúcháin taighde agus cleamhnachtaí taighdeoirí a mhéadú;

(i) An t-idirphlé le comhpháirtithe idirnáisiúnta a neartú maidir le slándáil taighde, chomh maith le tionscnaimh a dhéanamh chun guth coiteann de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm i bhfóraim iltaobhacha.

**TUAIRISCIÚ**

1. Moltar go gcuirfidh na Ballstáit an moladh seo chun feidhme a luaithe is indéanta. Iarrtar orthu a bplean gníomhaíochta (dá dtagraítear i bpointe 2 de na moltaí le haghaidh na mBallstát) a chomhroinnt leis an gCoimisiún faoin [cuir isteach an dáta 9 mí tar éis an ghlactha ón gComhairle] lena leagtar amach na bearta comhfhreagracha atá le déanamh chun borradh a chur faoi shlándáil taighde, agus a suíomhanna tosaigh faoi seach á gcur san áireamh.

2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn a dhéantar agus an moladh seo á chur chun feidhme, agus creataí faireacháin agus tuairisciúcháin maidir le rialachas LET á n-úsáid, i gcomhar leis na Ballstáit agus tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann, agus tuairisciú don Chomhairle gach 2 bhliain, mar chuid dá thuairisciú débhliantúil maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta. Tar éis measúnú domhain agus i bhfianaise na héabhlóide amach anseo ar an staid gheopholaitiúil, is féidir tuilleadh céimeanna agus beart a mholadh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[20] *Commission recommendation of 3.10.2023 on critical technology areas for the EU's economic security for further risk assessment with Member States* [Moladh ón gCoimisiún an 3.10.2023 maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais le haghaidh measúnú riosca breise leis na Ballstáit] (nasc).